Snas ar Scéal!

Curaclam Thuaisceart Éireann

'Le linn Eochairchéimeanna 1 agus 2 ba chóir do mhórchuid de na páistí a bheith ag dul chun cinn ó úsáid réimse de stór focal bunaithe ar eispéiris fhoghlama *go dtí* scríbhneoireacht ina bhfuil úsáid shaibhrithe agus chruthaitheach Gaeilge agus úsáid níos leithne stór focal.'
Curaclam Thuaisceart Éireann – Gaelscolaíocht

Chuige sin, is é is aidhm don acmhainn seo *Snas ar Scéal! EC1* agus *Snas ar Scéal! EC2* ná cuidiú le scileanna scríbhneoireachta páistí a fhorbairt. Tá sé tábhachtach aird na bpáistí a bheith dírithe i gcónaí ar an scríbhneoireacht mhaith agus ar an rud atá de dhíth orthu le píosa maith scríbhneoireachta a dhéanamh. Tá an scríbhneoireacht lárnach sa churaclam. Tá dualgas ar mhúinteoirí, mar sin, scileanna scríbhneoireachta na bpáistí a fhorbairt i rith an ama sa dóigh go mbeidh siad in ann an leibhéal is airde is féidir leo a bhaint amach. Táthar ag dúil go gcuideoidh an acmhainn seo leis sin.

Aithnítear in earnáil na Gaelscolaíochta gur minic a chloíonn páistí le haon dóigh amháin le rud éigin a scríobh, nó a rá, cé go bhfuil roghanna éagsúla eile ar fáil dóibh fosta, rud a fhágann an stór focal acu measartha teoranta. B'fhearr i bhfad iad a mhealladh ar shiúl ón scríbhneoireacht bhunúsach sin agus ó na focail agus na frásaí ceannann céanna a úsáid i ngach cás. Ba chóir iad a mhealladh ón scríbhneoireacht theoranta sin i dtreo scríbhneoireachta a bhfuil cruinneas, éagsúlacht agus saibhreas inti. Ba cheart meon na bpáistí a oscailt do stíl scríbhneoireachta níos leithne, áit nach bhfuil saibhreas, éagsúlacht agus cruinneas ina n-eisceacht ach mar ghné nádúrtha den scríbhneoireacht acu. Is féidir áit ar leith a bheith ag *Snas ar Scéal!* sa phróiseas seo. Mar shampla, nuair a bhíonn páiste in EC2 ag tagairt don aimsir ina 'scéal', in áit *'Nuair a chuaigh mé amach bhí sé iontach grianmhar'* a scríobh, nó a rá, is féidir *'Ar dhul amach dom bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch'* a úsáid. Má bhíonn siad ag iarraidh abairt bhunúsach amhail *'mar bhí sé deas'* a scríobh, nó a rá, thiocfadh leo roghanna eile a úsáid amhail *'ar an ábhar', 'as siocair', 'cionn is', 'de thairbhe', 'de bharr'* srl. a úsáid, fiú má tá '*go bhfuil', 'go raibh'* srl. de dhíth fosta. Níor cheart a leithéid a fhágáil go dtí am éigin i ndiaidh na bunscolaíochta.

Tá dualgas ar an mhúinteoir cur le stór focal an pháiste i gcónaí sa dóigh go mbeidh réimse leathan focal agus frásaí cruinne saibhre acu. Ar na cártaí seo, tá liostaí focal agus frásaí éagsúla úsáideacha a chuideoidh leis sin. Ní gá cloí go docht le gach focal ná leis na frásaí seo uilig, áfach, ach cuideoidh na frásaí roghnacha, mar shampla, leis an tsaibhreas agus leis an stór focal sin. Tugann na cárta níos mó ná aon dóigh amháin do pháistí abairt a scríobh nó a rá. Is mar sin agus le cleachtadh is féidir cur leis an stór focal acu. Ar a bharr sin, tá liostaí éagsúla ar na cártaí d'fhocail choitianta a bhíonn de dhíth go minic sa scríbhneoireacht acu agus a dtig leo teacht orthu go gasta agus iad i mbun pinn agus litrithe, go háirithe in Eochairchéim 1. Cuideoidh sé seo go háirithe leis na páistí is laige nó a bhfuil deacrachtaí litrithe acu. Ní ghlacann an acmhainn seo áit acmhainní ná áiseanna ar bith eile atá in úsáid cheana féin sa tseomra ranga ag an mhúinteoir. Ní stór focal cuimsitheach ach oiread í nó tá go leor eile a d'fhéadfadh a chur leis an dá chárta. Mar sin féin, d'fhéadfadh siad a bheith mar chuid eile den 'armlann' sin atá de dhíth ar gach múinteoir. Ar a bharr sin arís, bíodh go bhfuil

Snas ar Scéal! dírithe ar an scríbhneoireacht, cuideoidh sé le labhairt na bpáistí fosta. Tá sé den tábhacht go bhfuil caighdeán ard Gaeilge á labhairt ag páistí agus is acmhainn í *Snas ar Scéal!* a chuideoidh leis sin. Trí úsáid na gcártaí seo tá féidearthachtaí móra ann Gaeilge labhartha na bpáistí a fhorbairt agus a shaibhriú. Mar atá sa scríbhneoireacht, ba chóir iad a mhealladh ón Ghaeilge labhartha theoranta i dtreo Gaeilge labhartha a bhfuil cruinneas, éagsúlacht agus saibhreas inti. Tabharfaidh na cártaí deis don mhúinteoir cumas na bpáistí a shíneadh. Ba cheart meon na bpáistí a oscailt do stíl labhartha níos leithne ionas nach eisceachtaí iad an saibhreas, an éagsúlacht agus an cruinneas, ach gnéithe nádúrtha den labhairt acu chomh maith. Is féidir ceachtanna beaga simplí a bhunú ar ábhar na gcártaí le go mbainfidh siad feidhm astu agus iad i mbun labhartha.

Moltar don mhúinteoir am a chaitheamh leis na páistí ar dtús le go mbeidh deis acu na focail agus na frásaí a thuiscint agus a fhoghlaim agus teacht isteach ar an dóigh le hiad a úsáid mar is ceart.

Moltar an cárta a bheith ag gach páiste i gcónaí sa dóigh go mbeidh sé ar láimh acu gach uair a bhíonn siad i mbun pinn nó labhartha. Chomh maith leis sin, moltar an cárta a bheith ag an pháiste le tabhairt abhaile le húsáid san obair bhaile más gá.

Mar shlat tomhais tá *Snas ar Scéal! EC1* dírithe ar Rang 3 agus 4 agus tá *Snas ar Scéal! EC2* dírithe ar Rang 5, 6 agus 7, ach tá gá le breithiúnas gairmiúil an mhúinteora maidir le húsáid na gcártaí. Mar shampla, má tá páiste ann a bhfuil ag éirí go geal leis/léi sa scríbhneoireacht ag tús Rang 4 agus tuiscint mhaith aige/aici ar *Snas ar Scéal! EC1*, moltar é/í a bhogadh ar aghaidh chuig *Snas ar Scéal! EC2*. Mar an gcéanna le páiste, mar shampla, atá i Rang 6 a bhfuil deacrachtaí aige/aici leis an scríbhneoireacht, níor chóir é/í a bhogadh ar aghaidh chuig *Snas ar Scéal! EC2* mura bhfuil *Snas ar Scéal! EC1* ar eolas go maith aige/aici.

Tá an measúnú i gcroílár an churaclaim inár scoileanna agus is féidir *Snas ar Scéal!* a úsáid sa mheasúnú seo chomh maith. Thig leis an mhúinteoir dul chun cinn agus forbairt na bpáistí a aithint tríd an dóigh a bhfuil siad ag úsáid na bhfocal agus na bhfrásaí ó na cártaí agus iad i mbun pinn.

Tá *Snas ar Scéal! EC1* agus *EC2* ar fáil chomh maith go díreach ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann, www.nicurriculum.org.uk nó ar shuíomh CCEA www.ccea.org.uk, áit ar féidir leis an mhúinteoir na cártaí a íoslódáil. Cuirfear sampla d'úsáid na gcártaí sa tseomra ranga ar an tsuíomh seo amach anseo. Táthar ag súil le leagan idirghníomhach de a fhorbairt fosta ina mbeidh cluichí agus cleachtaí dá réir. Is mór ár ndóchas, mar sin, go mbainfidh na páistí sult agus tairbhe as an acmhainn seo agus iad ag iarraidh 'snas a chur ar a scéal'.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning